| | **Dúnmharú ar an Dart**<br>**(le Ruaidhrí Ó Báille)** | |
|---|---|---|
| **1.** | **"Ó a dhiabhail!"** | |
| **2.** | **Rith Niall Ó Conaill amach an doras ar nós na gaoithe.** | |
| **3.** | **Bhí sé a leathuair tar éis a hocht agus bhí cúig nóiméad aige chun an Dart a fháil.** | |
| **4.** | **Bhí a theach ar an tSeanchill síos an bóthar ón stáisiún, ach an mhaidin seo bhí sneachta agus leac oighir gach áit.** | |
| **5.** | **Nuair a tháinig sé go dtí bun an bhóthair, bhí an t-oighear an-dona.** | |
| **6.** | **Lean sé air, ag rith agus ag scátáil go dtí gur shroich sé an stáisiún.** | |
| **7.** | **Go tobann, tógadh dá chosa é!** | |
| **8.** | **"Aaaaaaaaaaaaaagh!"** | |
| **9.** | **Chuaigh a chás san aer, agus thit Niall ar a thóin ar an talamh.** | |
| **10.** | **Bhí áthas air nach raibh aon daoine timpeall.** | |
| **11.** | **Sheas sé agus thosaigh sé ag siúl arís – go mall an uair seo.** | |
| **12.** | **Ansin, chuala sé an traein, agus thosaigh sé ag rith.** | |
| **13.** | **Ach bhí sé ródhéanach.** | |
| **14.** | **Nuair a shroich sé an t-ardán, chonaic sé na doirse ag dúnadh agus an traein ag imeacht léi.** | |
| **15.** | **"Damnú air!" ar seisean.** | |
| **16.** | **Tháinig traein eile, agus fuair Niall suíochán gan aon trioblóid.** | |
| **17.** | **"Huh! Tá gach duine fós sa leaba!" a dúirt sé leis féin.** | |
| **18.** | **"Is amadán mise agus teacht amach maidin mar seo."** | |
| **19.** | **"Beidh an scoil dúnta."** | |

| | Dúnmharú ar an Dart<br>(le Ruaidhrí Ó Báille) | Murder on the Dart<br>(by Ruaidhrí Ó Báille) |
|---|---|---|
| 1. | **"Ó a dhiabhail!"** | **O, Devil!** |
| | a. an diabhal | the devil |
| 2. | **Rith Niall Ó Conaill amach an doras ar nós na gaoithe.** | **Niall O'Connell ran out the door like the wind.** |
| | a. an ghaoth / na gaoithe | the wind / of the wind |
| | b. ar nós na gaoithe | in the manner of the wind |
| 3. | **Bhí sé a leathuair tar éis a hocht agus bhí cúig nóiméad aige chun an Dart a fháil.** | **It was half past eight and he had five minutes to catch the Dart.** |
| | a. Cén t-am é? | What time is it? |
| | b. Tá sé a haon a chlog. | It's one o'clock. |
| | c. a haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig,<br>a sé, a seacht, a hocht, a naoi, a deich,<br>a haon déag, a dó dhéag | one, two, three, four, five,<br>six, seven, eight, nine, ten<br>eleven, twelve |
| | d. Tá sé a leathuair tar éis a hocht. | It's half past eight. |
| | e. Tá sé a ceathrú tar éis a seacht. | It's a quarter past seven. |
| | f. Tá sé a ceathrú chun a naoi. | It's a quarter to nine. |
| | g. Tá sé a cúig tar éis a naoi. | It's five after nine. |
| | h. Tá sé a deich chun a haon déag. | It's ten to eleven. |
| | i. D'éirigh mé ag a ceathrú chun a seacht. | I got up at a quarter to seven. |
| | j. Bhí deich nóiméad aige chun é a ithe. | He had ten minutes to eat it. |
| | k. Bhí leathuair agam chun é a dhéanamh. | I had half an hour to do it. |
| | l. Faigh gloine dom, le do thoil. | Get me a glass, please. |
| | m. Fuair mé ó mo chara é. | I got it from my friend. |
| | n. Ní bhfuair mé go fóill é. | I didn't get it yet. |
| | o. An bhfuair tú litir ó d'athair? | Did you get a letter from your father? |
| | p. Ar mhaith leat carr nua a fháil? | Would you like to get a new car? |
| 4. | **Bhí a theach ar an tSeanchill síos an bóthar ón stáisiún, ach an mhaidin seo bhí sneachta agus leac oighir gach áit.** | **His house was on Shankill [Old Church] down the road from the station, but this morning there was snow and ice in every place.** |
| 5. | **Nuair a tháinig sé go dtí bun an bhóthair, bhí an t-oighear an-dona.** | **When he came to the bottom of the road, the ice was very bad.** |
| | a. an bóthar / bun an bhóthair | the road / the bottom of the road |
| | b. an spéir / bun na spéire | the sky / the bottom of the sky = horizon |

| | **Dúnmharú ar an Dart (le Ruaidhrí Ó Báille)** | **Murder on the Dart (by Ruaidhrí Ó Báille)** |
|---|---|---|
| **6.** | **Lean sé air, ag rith agus ag scátáil go dtí gur shroich sé an stáisiún.** | **He continued on, running and skating until he reached the station.** |
| **7.** | **Go tobann, tógadh dá chosa é!** | **Suddenly, he was taken off his feet.** |
| | a. Go tobann, tógadh de mo chosa mé! | Suddenly, I was taken off my feet. |
| | b. Go tobann, tógadh dá chosa é! | Suddenly, he was taken off his feet. |
| | c. Go tobann, tógadh dá cosa í! | Suddenly, she was taken off her feet. |
| | d. Go tobann, tógadh dá gcosa iad! | Suddenly, they were taken off their feet. |
| **8.** | **"Aaaaaaaaaaaaaagh!"** | **"Aaaaaaaaaaaaaagh!"** |
| **9.** | **Chuaigh a chás san aer, agus thit Niall ar a thóin ar an talamh.** | **His case went into the air, and Niall fell on his bottom on the ground.** |
| **10.** | **Bhí áthas air nach raibh aon daoine timpeall.** | **He was happy that there weren't any people around.** |
| | a. Bhí áthas orm go raibh sé te. | I was happy that it was hot. |
| | b. Bhí áthas orm nach raibh sé fuar. | I was happy that it wasn't cold. |
| | c. Bhí áthas uirthi gur ith sé an dinnéar. | She was happy he ate the dinner. |
| | d. Bhí áthas uirthi nár ith sé an tseacláid. | She was happy he didn't eat the chocolate. |
| | e. duine / daoine / aon duine | person / people / anybody |
| **11.** | **Sheas sé agus thosaigh sé ag siúl arís – go mall an uair seo.** | **He stood and began to walk again – slowly this time.** |
| | a. go tapaidh / go mall | quickly / slowly |
| **12.** | **Ansin, chuala sé an traein, agus thosaigh sé ag rith.** | **Then, he heard the train, and he began to run.** |
| **13.** | **Ach bhí sé ródhéanach.** | **But he was too late.** |
| | a. Tá tú déanach. | You're late. |
| | b. Tá tú ródhéanach. | You're too late. |
| | c. Tá sé rófhuar. | It's too cold. |
| **14.** | **Nuair a shroich sé an t-ardán, chonaic sé na doirse ag dúnadh agus an traein ag imeacht léi.** | **When he reached the platform, he saw the doors closing and the train going off.** |
| | a. an doras / na doirse | the door / the doors |
| | b. Dún an doras! | Close the door. |
| | c. Dhún mé an doras. | I closed the door. |
| | d. Tá mé ag dúnadh an dorais. | I'm closing the door. |
| | e. Tá an doras ag dúnadh. | The door is closing. |
| **15.** | **"Damnú air!" ar seisean.** | **"Damn it!" he said.** |

| | **Dúnmharú ar an Dart (le Ruaidhrí Ó Báille)** | **Murder on the Dart (by Ruaidhrí Ó Báille)** |
|---|---|---|
| **16.** | **Tháinig traein eile, agus fuair Niall suíochán gan aon trioblóid.** | **Another train came, and Niall got a seat without any trouble.** |
| | a. eile / traein eile | other / another train |
| | b. gan trioblóid / gan aon trioblóid | without trouble / without any trouble |
| **17.** | **“Huh! Tá gach duine fós sa leaba!” a dúirt sé leis féin.** | **“Huh! Everybody is still in bed!” he said to himself.** |
| | a. duine / gach duine / gach rud | person / everybody / everything |
| | b. an leaba / sa leaba | the bed / in bed |
| | c. “Huh!” a dúirt mé liom féin. | “Huh!”, I said to myself. |
| | d. “Huh!” a dúirt sí léi féin. | “Huh!”, she said to herself. |
| **18.** | **“Is amadán mise agus teacht amach maidin mar seo.”** | **“I’m a fool to come out a morning like this.”** |
| | a. amadán / a amadáin | fool / you fool (for a guy) |
| | b. óinseach / a óinsigh | fool / you fool (for a girl) |
| | c. mar seo / mar sin | like this / like that |
| **19.** | **“Beidh an scoil dúnta.”** | **“The school will be closed.”** |
| | a. **Dún** an doras i do dhiaidh! | **Close** the door after you! |
| | b. **Dhún** mé an doras i mo dhiaidh. | I **closed** the door after me. |
| | c. **Dúnann** mé an doras i mo dhiaidh. | I **close** the door after me. |
| | d. **Dúnfaidh** mé an doras i mo dhiaidh. | I’ll **close** the door after me. |
| | e. **Dhúnfainn** an doras i mo dhiaidh. | I would **close** the door after me. |
| | f. **Dhúnainn** an doras i mo dhiaidh. | **I used to close** the door after me. |
| | g. **Go ndúna** tú an doras i do dhiaidh. | **May** you **close** the door after you. |
| | h. Tá mé **ag dúnadh** an dorais. | I’m **closing** the door. |
| | i. Tá an doras **dúnta** anois. | The door is **closed** now. |
| | j. Bhí an doras **dúnta** ar maidin. | The door was **closed** in the morning. |
| | k. Beidh an doras **dúnta** ansin. | The door will be **closed** then. |
| | l. Bheadh an doras **dúnta**, murach eisean. | The door would be **closed** but for him. |
| | m. Go raibh an doras **dúnta** go daingean. | May the door be **closed** firmly. |
| | n. **Dúnadh** an doras ag a cúig a chlog. | **They closed** the door at five o’clock. |
| | o. **Dúntar** an doras ag a cúig a chlog. | **They close** the door at five o’clock. |
| | p. **Dúnfar** an doras ag a cúig a chlog. | They **will close** the door at five o’clock. |
| | q. **Dhúnfaí** an doras ag a cúig a chlog. | They **would close** the door at five o’clock. |
| | r. **Dhúntaí** an doras ag a cúig a chlog. | They **used to close** the door at five o’clock. |
| | s. **Go ndúntar** an doras go daingean. | **May** they **close** the door firmly. |

| Ceisteanna | Questions |
|---|---|
| Q1. Céard a rinne Niall? | What did Niall do? |
| | |
| Q2. Ar fhan Niall sa bhaile? | Did Niall stay at home? |
| | |
| Q3. Ar fhág sé an teach ag siúl? | Did he leave the house walking? |
| | |
| Q4. Cén uair a d'fhág sé an teach? | At what time did he leave the house? |
| | |
| Q5. Cé mhéad ama a bhí aige chun an Dart a fháil? | How much time did he have to catch the Dart? |
| | |
| Q6. An raibh sé te ar maidin? | Was it hot in the morning? |
| | |
| Q7. Céard a bhí ar an talamh? | What was on the ground? |
| | |
| Q8. Ar thit Niall? | Did Niall fall? |
| | |
| Q9. Céard a chuaigh suas san aer? | What went up into the air? |
| | |
| Q10. An bhfaca aon duine é? | Did anybody see him? |
| | |
| Q11. Nuair a sheas sé suas, ar thosaigh sé ag rith arís? | When he stood up, did he start running again? |
| | |
| Q12. Céard a chuala Niall? | What did Niall hear? |
| | |
| Q13. An raibh áthas ar Niall nuair a tháinig an traein? | Was Niall happy when the train came? |
| | |
| Q14. Cén fáth? | Why? |
| | |
| Q15. An ndeachaigh Niall ar an traein? | Did Niall go on the train? |
| | |